# Leabhrán Faisnéise d’Iarrthóirí

| | |
|---|---|
| **Cód an fheachtais:** | MHCEX0326 |
| **Teideal an róil:** | Bainisteoir Rialála |
| **Grád:** | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| **Cineál conartha:** | Buan, Lánaimseartha |

mhc
coimisiún meabhair - shláinte
mental health commission

seirbhís tacaíochta cinnteoireachta
decision support service

# Clár Ábhar

CLÁR ÁBHAR……………………………………………………………………………………………………………………..2

AN POST…………………………………………………………………………………………………………………..................3

CONAS IARRATAS A DHÉANAMH ……………………………………………………………….....................................7

COINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE……………………………………………………………………………………...…………………9

FAISNÉIS GHINEARÁLTA……………………………………………………………………………………………...…………….13


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

## An Post

| | |
|---|---|
| **Réamhrá:** | Is mian leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte ról an Bhainisteora Rialála a líonadh agus painéal a chruthú chun poist a líonadh de réir mar a thagann siad chun cinn ó am go chéile. |
| **Grád:** | Ardoifigeach Feidhmiúcháin |
| **Sainphoist:** | **Bainisteoir Rialála** |
| **Oifig:** | An Coimisiún Meabhair-Shláinte |
| **Láthair:** | An Coimisiún Meabhair-Shláinte, Malartán Waterloo, Bóthar Waterloo, Baile Átha Cliath 4, D04 E5W7.<br>Féadfaidh baill foirne sa Choimisiún Meabhair-Shláinte iarratas a dhéanamh ar shocrú oibre cumaisc freisin. |
| **Suíomh Gréasáin na hEagraíochta:** | www.mhcirl.ie |

Comhlacht reachtúil neamhspleách a bunaíodh i mí Aibreáin 2002 faoi fhorálacha an Achta Meabhair-Shláinte, 2001 ("Acht 2001"), is ea an Coimisiún Meabhair-Shláinte. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin Meabhair-Shláinte, mar a shonraítear in Acht 2001, ná bunú agus cothabháil ardchaighdeán agus dea-chleachtas a chur chun cinn, a spreagadh agus a chothú i soláthar seirbhísí meabhairshláinte, agus gach beart réasúnach a dhéanamh chun leasanna na ndaoine atá á gcoimeád in ionaid cheadaithe a chosaint. Tá sé de chumhacht ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte freisin gníomhaíochtaí den sórt sin a dhéanamh de réir mar is cuí leis chun na caighdeáin agus cleachtais sin a chothú agus a chur chun cinn.

Tá roinnt croífheidhmeanna gnó ag an Rannán um Chaighdeáin agus Dearbhú Cáilíochta sa Choimisiún Meabhair-Shláinte, lena n-áirítear:

- Caighdeáin, Rialacha agus Cóid Chleachtais a fhorbairt faoi na hAchtanna Meabhair-Shláinte (2001-2018).
- Clár um rialáil rioscabhunaithe a sholáthar, lena n-áirítear clárú, faisnéis a fháil, faireachán a dhéanamh ar chomhlíonadh, agus gníomhartha forfheidhmiúcháin a dhéanamh, i gcás gur cuí.
- Comhoibriú leis an gCigireacht chun bonn eolais a chur faoi chigireachtaí, agus gníomhaíocht a dhéanamh i gcás go dtiocfaidh neamhchomhlíonadh chun cinn.
- Forbairt a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta a bhaineann leis an gcreat rialála.

Leathnaíodh feidhmeanna an Choimisiúin Meabhair-Shláinte leis an Acht um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas), 2015 ("Acht 2015"). Foráladh le hAcht 2015 do bhunú na Seirbhíse Tacaíochta Cinnteoireachta chun tacú le cinnteoireacht ag aosaigh a bhfuil deacrachtaí cumais acu, agus chun tacú le cinnteoireacht thar ceann na n-aosach sin, agus chun na daoine aonair atá ag soláthar tacaíochtaí do dhaoine a bhfuil deacrachtaí cumais acu a rialáil.

## An Ról

Post meánbhainistíochta sa stiúrthóireacht um Chaighdeáin agus Dearbhú Cáilíochta is ea post an Bhainisteora Rialála, agus tuairisceoidh an t-iarrthóir rathúil go díreach don Cheann Rialála.

Tá sé mar aidhm leis an bhfeidhm rialála tacú le soláthraithe seirbhíse comhlíonadh rialála a bhaint amach, caighdeáin dhlíthiúla íosta a shárú, agus féachaint le barr feabhais a bhaint amach maidir le freastal ar riachtanais na ndaoine a úsáideann seirbhísí meabhairshláinte. Beidh an bainisteoir rialála freagrach as formhaoirseacht agus bainistiú a dhéanamh ar ualach cásanna de chuid ionad ceadaithe ar mhaithe le caighdeáin rialála a bhainistiú agus a fhorfheidhmiú.

## Príomhfhreagrachtaí

Faoi stiúir an Chinn Rialála, áirítear na nithe seo a leanas leis na príomhdhualgais agus na príomhfhreagrachtaí atá ar an mBainisteoir Rialála:

**<u>Bainistíocht Rialála agus Formhaoirseacht</u>**

Beidh an Bainisteoir Rialála freagrach as na nithe seo a leanas:

- Ualach cásanna a bhainistiú: gnáthoibríochtaí laethúla a bhaineann le clárú, le faisnéis a fháil, agus le cinntí agus moltaí a dhéanamh maidir le gníomhartha rialála cuí, agus cur chuige rioscabhunaithe á úsáid.
- Faireachán a dhéanamh ar fhógraí reachtúla maidir le comhlíonadh na Rialachán, na Rialacha agus na gCód Cleachtais faoin Acht Meabhair-Shláinte (2001).
- Tacú leis an gCigireacht: faisnéis a bhailiú, a anailísiú, a shintéisiú agus a threochtáil chun bonn eolais a chur faoi línte fiosrúcháin le haghaidh cigireachtaí.
- Rannchuidiú le cinntí/gníomhartha rialála atá comhsheasmhach leis an bhfaisnéis arna bailiú mar chuid de ghníomhaíochtaí um fhaireachán ar chomhlíonadh
- Comhfhreagras a dhréachtú idir an Coimisiún Meabhair-Shláinte agus soláthraithe cúram meabhairshláinte, lena n-áirítear gníomhartha forfheidhmiúcháin atá ar aon dul le beartas agus nósanna imeachta an Choimisiúin Meabhair-Shláinte.

**<u>Cumarsáid:</u>**

Ní mór don Bhainisteoir Rialála na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Caidrimh ghairmiúla a choinneáil ar bun agus sárscileanna cumarsáide ó bhéal agus i scríbhinn a léiriú.
- Faisnéis a bhailiú agus a chur i láthair i bhformáid inrochtana
- Faisnéis ghonta a leagan faoi bhráid an lucht bainistíochta chun bonn eolais a chur faoi chinntí rialála.

**<u>Eile:</u>**

- Cuirfear de chúram ar an mbainisteoir rialála freisin cuspóirí sainithe plean gnó a bhaint amach.
- Tabhairt faoi dhualgais agus freagrachtaí eile a chinnfidh an Stiúrthóir Rialála.


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

***Ní liosta uileghabhálach é sin ach tugtar léiriú ann ar chineál na ndualgas atá i gceist leis an ról. I bhfianaise chineál na heagraíochta agus an ghá atá ann freagairt d'athruithe ar bhonn leanúnach, tá an ról faoi réir athruithe le himeacht ama.***

## Caidrimh Thuairiscithe agus Oibre

Tá an Bainisteoir Rialála cuntasach do Phríomhfheidhmeannach an Choimisiúin Meabhair-Shláinte agus tuairiscíonn sé/sí go díreach don Cheann Rialála.

## Ceanglais Bhunriachtanacha

Ní mór don iarrthóir foirfe na nithe seo a leanas a bheith aige/aici faoin dáta deiridh:

- Oideachas chuig leibhéal na céime Onóracha Baitsiléara (Leibhéal 8 ar Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann).
- Taithí dhá bhliain ar a laghad i ról a bhaineann le creataí rialála agus/nó córais dearbhaithe cáilíochta a bhainistiú nó a chur chun feidhme laistigh den earnáil sláinte nó den earnáil cúraim shóisialaigh.
- Eolas oibre ar an Acht Meabhair-Shláinte (2001) agus ar an gcreat rialála gaolmhar.
- An cumas chun faisnéis rialála a athbhreithniú, a phróiseáil agus a léirmhíniú, lena n-áirítear fógraí faoi theagmhais agus pleananna um chomhlíonadh, chun bainistiú an ualaigh cásanna a threorú.
- Na hinniúlachtaí atá riachtanach chun an ról a chur i gcrích, mar atá leagtha amach thíos.

### Inmhianaithe

- Taithí ar a bheith ag obair i seirbhís meabhairshláinte nó i suíomh eile cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh
- Cáilíocht iomchuí mar ghairmí cúram sláinte agus cúraim shóisialaigh, i Riarachán Poiblí, i mBeartas Sóisialta, i Meabhairshláinte, nó i ndisciplín dlí.
- Tuiscint ar obair le creataí bainistíochta riosca agus ar iad a chur i bhfeidhm maidir le faisnéis chasta.

## Inniúlachtaí

Beidh ar an duine a cheapfar chuig ról an Bhainisteora Rialála fianaise a thaispeáint ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

**Anailís agus Cinnteoireacht**

- Bailíonn agus anailísíonn sé/sí faisnéis ó fhoinsí ábhartha, cibé acu is foinsí airgeadais, foinsí uimhriúla nó foinsí eile iad, agus raon tosca criticiúla á gcur sa mheá aige/aici


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

- Cuireann sé/sí aon saincheisteanna leathana, cláir oibre, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara san áireamh agus cinntí á ndéanamh aige/aici
- Úsáideann sé/sí eolas agus taithí roimhe chun cinntí a threorú
- Baineann sé/sí úsáid as breithiúnas chun cinntí fónta a bhfuil dea-réasúnaíocht taobh thiar díobh a dhéanamh agus seasann sé/sí dóibh siúd
- Molann sé/sí réitigh chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna.

**Bainistíocht agus Soláthar Torthaí**

- Glacann sé/sí freagracht agus tá sé/sí cuntasach as cuspóirí comhaontaithe a chomhlíonadh
- Éiríonn leis/léi raon tionscadal difriúil agus gníomhaíochtaí difriúla oibre a bhainistiú ag an aon am amháin
- Déanann sé/sí a (h)obair féin agus obair daoine eile a struchtúrú agus a eagrú go héifeachtach
- Tá sé/sí loighciúil agus pragmatach ó thaobh cur chuige de, agus na torthaí is fearr is féidir á soláthar aige/aici laistigh de na hacmhainní atá ar fáil
- Tarmligeann sé/sí obair go héifeachtach, agus faisnéis agus fianaise shoiléir á soláthar aige/aici ar ar gá a dhéanamh
- Sainaithníonn sé/sí go réamhghníomhach réimsí lena bhfeabhsú agus cumann sé/sí moltaí praiticiúla maidir lena gcur chun feidhme
- Léiríonn sé/sí díograis d'fhorbairtí nua/cleachtais athraitheacha oibre agus féachann sé/sí leis na hathruithe sin a chur chun feidhme go héifeachtach
- Cuireann sé/sí córais/próisis chuí i bhfeidhm chun seiceáil cháilíochta gach gníomhaíochta agus aschuir a chumasú
- Díríonn sé/sí go géar ar sheirbhís ardchaighdeáin do chustaiméirí a sholáthar do chustaiméirí inmheánacha agus do chustaiméirí seachtracha araon, agus cuireann sé/sí an díriú sin chun cinn.

**Ceannaireacht Foirne**

- Oibríonn sé/sí leis an bhfoireann chun ardfheidhmíocht a éascú, agus cuspóirí soiléire inghnóthaithe á bhforbairt agus aghaidh á tabhairt ar aon saincheisteanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn
- Soláthraíonn sé/sí faisnéis agus comhairle shoiléir ar ar gá don fhoireann a dhéanamh
- Féachann sé/sí le modhanna éifeachtacha oibre a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun cuspóirí a chomhlíonadh
- Treoraíonn sé/sí an fhoireann le dea-shampla, agus é/í ag cóitseáil daoine aonair agus ag tacú leo de réir mar is gá
- Cuireann sé/sí an-tábhacht ar fhorbairt foirne, ar oiliúint agus ar scileanna agus acmhainn na foirne a uasmhéadú.
- Tá sé/sí solúbtha agus toilteanach oiriúnú, agus é/í ag rannchuidiú go dearfach le hathruithe a chur chun feidhme.


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

**Scileanna Idirphearsanta agus Cumarsáide**

- Déanann sé/sí teagmháil a fhorbairt agus a choinneáil ar bun le comhghleacaithe agus le geallsealbhóirí eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh
- Gníomhaíonn sé/sí mar nasc éifeachtach idir an fhoireann agus an lucht ardbhainistíochta
- Spreagann sé/sí plé oscailte cuiditheach maidir le saincheisteanna oibre
- Léiríonn sé/sí diongbháilteacht, agus tacaíocht á gnóthú aige/aici trí fhaisnéis ábhartha a leagan amach agus trí na tairbhí a chur in iúl
- Caitheann sé/sí le daoine eile go stuama, go tuisceanach, go cúirtéiseach agus go hómósach, fiú amháin in imthosca dúshlánacha
- Cuireann sé/sí faisnéis i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach agus cumarsáid ó bhéal agus i scríbhinn á déanamh aige/aici
- Comhoibríonn sé/sí agus tacaíonn sé/sí le comhghleacaithe spriocanna na heagraíochta a bhaint amach

**Saineolas, Oilteacht agus Féinfhorbairt**

- Tá tuiscint shoiléir aige/aici ar a ról, ar a c(h)uspóirí agus ar a spriocanna féin agus ar ról, ar chuspóirí agus ar spriocanna na foirne agus ar conas a thagann siad le hobair an aonaid agus na Roinne/na hEagraíochta
- Tá ardleibhéil saineolais agus eolas leathan Earnála Poiblí atá ábhartha dá réimse oibre féin aige/aici
- Díríonn sé/sí ar fhéinfhorbairt, ag déanamh a d(h)íchill a f(h)eidhmíocht a fheabhsú

**Treallús agus Tiomantas do Luachanna Seirbhíse Poiblí**

- Féachann sé/sí le hardleibhéal feidhmíochta a bhaint amach, agus méid suntasach fuinnimh á chur isteach aige/aici chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Léiríonn sé/sí athléimneacht agus é/í ag déileáil le himthosca dúshlánacha agus le hardéilimh
- Tá sé/sí iontaofa agus is féidir brath air/uirthi
- Cinntíonn sé/sí go bhfuil custaiméirí i gcroílár na seirbhísí go léir a sholáthraítear
- Cloíonn sé/sí le hardchaighdeáin ionracais, eitice agus mhacántachta

# Conas Iarratas a Dhéanamh

## Incháilitheacht chun Páirt a Ghlacadh sa Chomórtas

Ní mór d’iarrthóirí, faoi dháta na tairisceana poist:

a) A bheith ina saoránach de chuid an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE). Is é atá in LEE Ballstáit an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
b) A bheith ina saoránach de chuid na Ríochta Aontaithe; nó


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

c) A bheith ina saoránach de chuid na hEilvéise de bhun an chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eilvéis maidir leis an tsaorghluaiseacht daoine; nó
d) A bheith ina saoránach de chuid tír nach tír LEE í agus a bhfuil cead stampa 4* nó cead stampa 5 aige/aici.

* Tabhair faoi deara go nglactar le víosa Airteagal 50 CAE, a tháinig in ionad Stampa 4 EUFAM tar éis an Bhreatimeachta, mar choibhéis le Stampa 4.

## An Próiseas Roghnúcháin

Beidh an méid seo a leanas i gceist leis an bpróiseas roghnúcháin:

- Iarratais a ghearrliostú,
- Agallamh iomaíoch, agus
- Na seiceálacha iomchuí uile atá leagtha amach thíos a chur i gcrích.

Is féidir go gcuirfear céimeanna roghnúcháin breise ar áireamh.

Bunófar bord roghnúcháin agus bainfidh sé úsáid as na ceanglais bhunriachtanacha dá dtagraítear roimhe seo sa leabhrán faisnéise seo d'iarrthóirí chun iarrthóirí a ghearrliostú. Beidh an scóráil ag céim an ghearrliostaithe bunaithe ar an bhfaisnéis atá san fhoirm iarratais. Dá bhrí sin, tá sé le do leas féin cuntas mionsonraithe cruinn a thabhairt ar conas a chomhlíonann do scileanna, do bhuanna pearsanta, do cháilíochtaí agus do thaithí ceanglais an phoist. Fiú amháin i gcás go gcomhlíonfaidh iarrthóirí critéir incháilitheachta an chomórtais, is féidir go gcinnfidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte nach dtabharfar ach líon áirithe iarrthóirí ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile más rud é nach mbeadh sé praiticiúil gach iarrthóir a thabhairt ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, arb é an próiseas agallaimh é, de bharr an lín atá ag déanamh iarratas ar an bpost. Déanfar iarrthóirí a thabhairt ar aghaidh trí na céimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin ar bhonn a n-oird fiúntais ag gach céim.

Tar éis chéim an agallaimh, is féidir go gcuirfidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte painéal iarrthóirí le chéile, a bheidh liostaithe in ord fiúntais. Is féidir go n-úsáidfear an painéal sin freisin chun poist shealadacha amach anseo a líonadh. Ní fhéadfar gach duine a cuireadh faoi agallamh a chur ar an bpainéal.

Is é is aidhm do gach tairiscint ná duine a cheapadh láithreach. Agus iarratas á dhéanamh acu ar an gcomórtas seo, glacann iarrthóirí leis go dtarlóidh sé, más rud é go dtairgfear post dóibh, go mbeidh siad in ann dualgais a thosú laistigh de chreat ama réasúnach. Is de réir riachtanais ghnó a chinntear dátaí tosaithe, agus beifear ag súil leis go rachaidh ceapaithe i mbun dualgais laistigh den tréimhse sin a luaithe a dhéanfar tairiscint.

Sula molfar aon iarrthóir lena c(h)eapadh chuig post, cuirfidh an fhoireann Acmhainní Daonna na seiceálacha iomchuí uile i gcrích. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta curtha i gcrích go hiomlán, ní bheifear in ann cinneadh a dhéanamh agus ní bheifear a mheas ná a thabhairt le tuiscint ach oiread go ndearnadh cinneadh.


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

I gcás go ndéanfaidh an duine a mholtar lena c(h)eapadh diúltú don cheapachán, nó más rud é go scarfaidh sé/sí leis tar éis dó/di glacadh leis an gceapachán, féadfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte, dá lánrogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena c(h)eapadh, agus beidh sé sin bunaithe ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Níl aon oibleagáid ar an gCoimisiún Meabhair-Shláinte aon iarrthóir a cheapadh de thoradh an chomórtais seo.

Tabhair faoi deara gur féidir go mbeidh aon tairiscint fostaíochta a thabharfar d'iarrthóir rathúil faoi réir na nithe seo a leanas a bheith sásúil:

- Fíorú teistiméireachtaí,
- Fíorú cáilíochtaí,
- Measúnú Leighis, agus
- Grinnfhiosrúchán – i gcás gurb infheidhme.

Ag céim an fhíorúcháin teistiméireachtaí, áireofar leis na teistiméirí a lorgófar d'fhostóir reatha agus d'fhostóir is déanaí roimhe sin.

## Dáta Deiridh

Tá an próiseas earcaíochta á bhainistiú ag an bhFoireann Acmhainní Daonna in Osborne Recruitment. Ní mór d'iarratasóirí a bhfoirm iarratais chomhlánaithe a chur isteach chuig **MHC@osborne.ie**

Spriocdháta le haghaidh iarratais: **5pm Dé Máirt an 24 Feabhra 2026.**

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an dáta agus an ama deiridh. Ní bheidh iarratais dhéanacha incháilithe lena mbreithniú. Dá bhrí sin, is ortsa atá an fhreagracht as a chinntiú go bhfuil dóthain ama fágtha agat chun d'iarratas a tharchur. Ní mór d'iarratasóirí a chinntiú go gcoinníonn siad cóip den ríomhphost a cuireadh isteach chuig **MHC@osborne.ie**, lena n-áirítear an dáta agus an t-am, ar eagla go dtiocfadh aon cheisteanna chun cinn.

Eiseofar ríomhphost admhála i ndáil le gach iarratas a gheofar (admhófar sa ríomhphost sin go bhfuarthas an t-iarratas agus ní dheimhneofar ann go bhfuil an t-iarratas incháilithe nó nach bhfuil). Mura bhfaigheann iarratasóir ríomhphost admhála laistigh de dhá lá oibre ón dáta a cuireadh an t-iarratas isteach, ba cheart don iarratasóir teagmháil a dhéanamh le **MHC@osborne.ie** chun a chinntiú go bhfuarthas an t-iarratas.

# Coinníollacha Seirbhíse

## Socruithe Conartha

Déanfar conradh buan lánaimseartha fostaíochta leis an gCoimisiún a thairiscint don Ardoifigeach Feidhmiúcháin ar théarmaí agus coinníollacha a chinnfidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte, le toiliú ón Aire Sláinte agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

## Tuarastal

Is mar a leanas atá scála tuarastail an Ardoifigigh Feidhmiúcháin (tá na rátaí in éifeacht ón 1 Feabhra 2026 i leith):

**€59,435 - €61,173 - €62,908 - €64,640 - €66,380 - €68,111 - €69,849 - €72,353[1] - €75,788[2]**

*LSI 1 tar éis seirbhís shásúil 3 bliana ag an uasphointe.*
*LSI 2 tar éis seirbhís shásúil 6 bliana ag an uasphointe.*

Beidh feidhm ag an ráta sin i gcás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí reatha a ceapadh an 6 Aibreán 1995 nó tar éis an dáta sin é/í an ceapaí nó go bhfuil sé/sí nuacheaptha chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte agus go gceanglaítear air/uirthi ranníocaíocht phearsanta pinsin a dhéanamh.

Fógra Tábhachtach -

Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire gur ag íosphointe an scála pá a thosófar agus nach mbeidh sé sin faoi réir idirbheartaíochta agus go bhféadfar an ráta luach saothair a choigeartú ó am go ham de réir bheartas pá an Rialtais.

Féadfar go mbeidh téarmaí agus coinníollacha difriúla i bhfeidhm i gcás gur státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí san am i láthair atá sa cheapaí.

Tabhair faoi deara: Is féidir go mbeidh an tuarastal chun críocha sochair aoisliúntais a ríomh difriúil, ag brath ar imthosca an duine aonair.

## Socruithe Íocaíochta

Déanfar íocaíocht gach coicís i riaráiste trí Ríomhaistriú Airgid (RAA) isteach i gcuntas bainc a roghnaíonn an t-iarrthóir rathúil. Ní féidir íocaíocht a dhéanamh go dtí go bhfuil uimhir cuntais bainc agus cód sórtála bainc tugtha don Choimisiún Meabhair-Shláinte. Déanfar asbhaintí reachtúla ón tuarastal de réir mar is cuí.

Aontóidh ball foirne a cheaptar chuig an bpost seo go bhféadfar aon ró-íocaíocht tuarastail nó speansas taistil agus cothaithe a asbhaint d'íocaíochtaí tuarastail atá dlite sa todhchaí, de réir an Achta um Íoc Pá, 1991 (arna leasú). De réir an Achta sin, cuirfidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte suim agus mionsonraí aon ró-íocaíochta den sórt sin in iúl don bhall foirne i scríbhinn agus tabharfaidh sé fógra dó nó di seachtain amháin ar a laghad roimh ré faoin asbhaint atá le déanamh, agus asbhainfidh sé an ró-íocaíocht, i suim atá cothrom agus réasúnach, agus aird á tabhairt ar na himthosca uile, laistigh de shé mhí ó fhógra den sórt sin, de réir an Achta.

## Tionacht

Beidh an ceapachán bunaithe ar chonradh buan fostaíochta leis an gCoimisiún Meabhair-Shláinte.

Beidh feidhm ag an tréimhse phromhaidh go ceann tréimhse naoi mí ó dháta an cheapacháin. D'ainneoin na míre seo agus na míre díreach thíos, ní hionann é sin agus a rá nach bhfadófaí an tréimhse phromhaidh in imthosca cuí.

Le linn na tréimhse promhaidh, beidh feidhmíocht an bhaill foirne faoi réir athbhreithnithe ag an mbainisteoir líne chun a chinneadh:

(i) gur fheidhmigh an ball foirne go sásúil; agus
(ii) go raibh sé/sí sásúil ó thaobh iompar ginearálta de.

Sula gcríochnófar an tréimhse phromhaidh, déanfar cinneadh ar cé acu a choinneofar nó nach gcoinneofar an ball foirne. Bunófar an cinneadh sin ar fheidhmíocht an bhaill foirne, agus í á measúnú i gcomparáid leis na critéir atá leagtha amach i bhfomhíreanna (i) go (iii) thuas. Míneoidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte na mionsonraí faoin bpróiseas promhaidh don bhall foirne ar thosú na fostaíochta.

D'ainneoin mhíreanna roimhe seo den rannán seo, féadfaidh ceachtar taobh an tréimhse phromhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

## Láthair

Is é an Coimisiún Meabhair-Shláinte, Malartán Waterloo, Bóthar Waterloo, D04 E5W7, an ghnátháit oibre don ról seo. Forchoimeádann an Coimisiún Meabhair-Shláinte an ceart chun an láthair sin a athrú dá lánrogha féin chuig aon áit eile in Éirinn.

Féadfaidh baill foirne sa Choimisiún Meabhair-Shláinte iarratas a dhéanamh ar shocrú oibre cumaisc de réir Bheartas Oibre Cumaisc an Choimisiúin Meabhair-Shláinte.

## Uaireanta Freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile, ach ní bheidh siad níos lú, ar an meán, ná 40 uair an chloig sa tseachtain, sosanna scíthe san áireamh, nó 35 uair an chloig sa tseachtain glan ar shosanna scíthe.

Beidh ar an iarrthóir rathúil uaireanta breise a dhéanamh ó am go ham, de réir mar a fhéadfaidh a bheith réasúnach agus riachtanach le haghaidh chomhlíonadh ceart a c(h)uid dualgas faoi réir na dteorainneacha a leagtar síos sna rialacháin ama oibre. Is féidir go n-áireofar leis sin obair sa tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine.

**Fostaíocht Sheachtrach:** Post lánaimseartha a bheidh sa phost, agus ní rachaidh an ceapaí i mbun cleachtadh príobháideach ná ní bheidh baint aige/aici le haon ghnó seachtrach a thagann salach ar a d(h)ualgais oifigiúla, a chuireann as dá f(h)eidhmíocht nó a chuireann isteach ar a (h)ionracas ar bhealach ar bith.


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

## Saoire Bhliantúil

Is é 29 lá in aghaidh na bliana a bheidh sa liúntas saoire bliantúla le haghaidh phost an Ardoifigigh Feidhmiúcháin. Tá an liúntas sin faoi réir na ngnáthchoinníollacha maidir le saoire bhliantúil a dheonú san earnáil phoiblí, tá sé bunaithe ar sheachtain cúig lá, agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí ar áireamh ann.

## An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 (arna leasú)

Beidh feidhm ag téarmaí an Achta um Eagrú Ama Oibre, 1997, maidir leis an gceapachán seo, de réir mar is cuí.

## Aoisliúntas agus Scor

Déanfar na téarmaí agus na coinníollacha aoisliúntais cuí atá i réim sa tSeirbhís Phoiblí a thairiscint don iarrthóir rathúil an tráth a thairgfear ceapachán. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil arna iarraidh sin.

Moltar d’iarrthóirí freisin an méid seo a leanas a cheadú le haghaidh tuilleadh faisnéise a fháil:

- An Scéim Dreasachta Luathscoir
- Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte
- Comhaontú Comhchoiteann: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Beidh feidhm ag gnáthrialacha na Seirbhíse Poiblí maidir le hincháilitheacht. I gcás na Scéime Dreasachta Luathscoir, cuirtear toirmeasc le ceann amháin dá coinníollacha, i mír 12 de Chiorclán 12/09, ar dhaoine atá ar scor ón tSeirbhís Phoiblí faoin Scéim sin iarratas a dhéanamh ar phost eile sa tSeirbhís Phoiblí. Dá bhrí sin, ní fhéadfaidh daoine den sórt sin atá ar scor iarratas a dhéanamh fad is a leanann na srianta thuas de bheith in éifeacht.
**Fógra Tábhachtach:** Is iad sin thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gur liosta cuimsitheach atá ann de na téarmaí agus de na coinníollacha fostaíochta ar fad a leagfar amach sa chonradh fostaíochta a chomhaontófar leis an iarrthóir rathúil.

## Dearbhú

Ceanglófar ar iarratasóirí a dhearbhú ar bhain siad leas as scéim dreasachta luathscoir Seirbhíse Poiblí roimhe seo. Ceanglófar freisin ar iarratasóirí aon teidil chun sochair phinsin Seirbhíse Poiblí (atá á íoc nó atá caomhnaithe) ó aon fhostaíocht Seirbhíse Poiblí eile a dhearbhú agus/nó é a dhearbhú i gcás go bhfuair siad íocaíocht ionaid i leith seirbhís in aon fhostaíochta Seirbhíse Poiblí.


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

# Faisnéis Ghinearálta

## Eitic in Oifigí Poiblí

Tá feidhm ag an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995, agus ag an Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, maidir leis an bpost seo.

## Rúndacht

Cloífear le rúndacht iarrthóirí le linn gach céime den phróiseas earcaíochta. Déanfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte an fhaisnéis phearsanta ar fad a thugtar ar an bhfoirm iarratais seo a stóráil go slán agus ní úsáidfear í ach amháin chun d'iarrthóireacht a phróiseáil.

## Comhlíonadh an Dlí

Tá rún daingean ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte cloí leis an reachtaíocht iomchuí ar fad i gcúrsa an fheachtais earcaíochta seo, lena n-áirítear na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998-2011, an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018, agus an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014, ach gan a bheith teoranta dóibh.

## Speansais

Ní bheidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte freagrach as aon speansas, lena n-áirítear speansais taistil, a d'fhéadfadh iarrthóirí a thabhú i ndáil leis an gcomórtas seo.

## Canbhasáil

Tá cosc ar chanbhasáil agus déanfar aon iarrthóirí a thugann fúithi a dhícháiliú ón gcomórtas.

## An Comórtas a Chealú

Féadfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte an comórtas seo a chealú, dá lánrogha féin, mar gheall ar athrú i riachtanais ghnó. Má tharlaíonn sé sin tar éis dháta deiridh an chomórtais, tabharfar fógra i scríbhinn d'iarratasóirí ina thaobh sin.

## Cosaint Sonraí – An Próiseas Earcaíochta

Déantar sonraí pearsanta a bhailiú agus a phróiseáil mar chuid den phróiseas earcaíochta. Leagtar an fhaisnéis amach sa rannán seo faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Sonraí pearsanta a bhailítear.
- An bunús dlí do shonraí pearsanta a phróiseáil.
- Conas a fhéadfar d'fhaisnéis a chomhroinnt.
- An tréimhse ama a bhféadfar d'fhaisnéis a stóráil ar a feadh.
- Do chearta cosanta sonraí.


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

## Bailiú Sonraí Pearsanta

Bailíonn an Coimisiún Meabhair-Shláinte sonraí pearsanta ó iarrthóirí ionchasacha mar chuid den phróiseas earcaíochta. Agus a oibleagáidí cosanta sonraí á gcomhlíonadh aige, tá rún daingean ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte a bheith cuntasach agus trédhearcach maidir le conas a dhéanann sé an fhaisnéis sin a bhailiú agus a phróiseáil.

Sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), sainmhínítear 'sonraí pearsanta' mar aon fhaisnéis a bhaineann le duine aonair beo atá sainaitheanta nó in-sainaitheanta. Sainmhínítear ann gurb iad ainm, seoladh agus dáta breithe agus mar sin de na catagóirí 'sonraí pearsanta'. Leagtar amach in RGCS 'catagóirí speisialta sonraí pearsanta' freisin le haghaidh faisnéis níos íogaire. Áirítear leo sin sonraí sláinte, mar shampla.

Seolann an Coimisiún Meabhair-Shláinte próiseas earcaíochta inniúlachtbhunaithe. Iarrtar ar gach iarrthóir foirm iarratais a chur isteach. Ina lán cásanna, áireofar measúnú leighis réamhfhostaíochta agus seiceáil teistiméireachtaí leis an bpróiseas earcaíochta. Ag brath ar an ról a bhfuil iarratas á dhéanamh air, is féidir go n-áireofar grinnscrúdú an Gharda Síochána leis freisin.

## An Bunús Dlí do Shonraí Pearsanta a Phróiseáil – Toiliú

Déanann an Coimisiún Meabhair-Shláinte sonraí pearsanta a thugann tú i d'fhoirm iarratais le linn an phróisis earcaíochta a phróiseáil ar an mbunús dlí arb éard é 'toiliú'. Teastaíonn do thoiliú chun aon sonraí pearsanta a thugtar san iarratas a phróiseáil chun na críche sonraí arb éard í iarratas a thabhairt ar aghaidh tríd an bpróiseas earcaíochta.

## Conarthach

I gcás iarrthóir rathúil, féadfaidh sonraí pearsanta a thugtar le linn an phróisis earcaíochta a bheith mar bhunús don chonradh fostaíochta.

## Oibleagáid Dhlíthiúil

Déantar na sonraí pearsanta de chuid iarrthóirí ionchasacha agus de chuid fostaithe reatha (fostaithe lánaimseartha, fostaithe páirtaimseartha, fostaithe ar conradh agus fostaithe gníomhaireachta) a phróiseáil ar an mbonn go bhfuil gá leo chun go gcomhlíonfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte an reachtaíocht (e.g., an reachtaíocht fostaíochta). Tugann an Coimisiún Meabhair-Shláinte Ráiteas Príobháideachta dá fhostaithe maidir leis an úsáid a bhaineann sé as faisnéis fostaithe.

## Conas a Fhéadfar d'Fhaisnéis a Chomhroinnt

Féadfar d'fhaisnéis a chomhroinnt le páirtithe eile mar chuid den phróiseas earcaíochta. I gcás go dtarlóidh sé sin, comhroinnfear an fhaisnéis de réir riachtanais agus faoi rún.


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte

## An Tréimhse Ama a bhFéadfar d'Fhaisnéis a Stóráil ar a Feadh

Tá Beartas Coinneála Sonraí ag an gCoimisiún Meabhair-Shláinte a chuireann sé i bhfeidhm maidir leis an bhfaisnéis ar fad a stórálann sé. Déantar an beartas sin a nuashonrú ar bhonn leanúnach chun coinneáil suas leis na hathruithe reachtaíochta iomchuí uile.

## Iarrthóirí Neamhrathúla

I gcás na ndaoine sin nár éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, déanfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte an fhaisnéis ar fad a tugadh don Choimisiún Meabhair-Shláinte a choinneáil ar feadh tréimhse nach faide ná 12 mhí. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar d'fhaisnéis go slán.

## Iarrthóirí Rathúla

I gcás na ndaoine sin ar éirigh leo sa phróiseas earcaíochta, déanfar an fhaisnéis ar fad a tugadh don Choimisiún Meabhair-Shláinte a chur ar a gcomhad fostaí. Coinneofar í i gcúrsa d'fhostaíochta leis an eagraíocht agus ar feadh tréimhse chuí ina dhiaidh sin. Ag deireadh na tréimhse sin, nó má tharraingíonn tú do thoiliú siar, scriosfar d'fhaisnéis go slán.

## Do Chearta Cosanta Sonraí

Tá cearta agat i ndáil leis na sonraí pearsanta a ndéanann an Coimisiún Meabhair-Shláinte iad a bhailiú, a phróiseáil agus a stóráil. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ar ár suíomh Gréasáin faoin gceannteideal 'Data Protection and Access Requests' ('Cosaint Sonraí agus Iarrataí ar Rochtain').
Leagtar amach sa rannán sin cé na cearta cosanta sonraí atá agat agus conas Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a dhéanamh chuig an gCoimisiún Meabhair-Shláinte.

Más rud é go bhfuil aon cheisteanna agat nó go bhfuil fonn ort Iarraidh ar Rochtain d'Ábhar Sonraí a dhéanamh, is féidir leat teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Cosanta Sonraí sa Choimisiún Meabhair-Shláinte. Tá na mionsonraí teagmhála mar a leanas:

| Le Casadh an Phoist |
| --- |
| An tOifigeach Cosanta Sonraí,<br>An Coimisiún Meabhair-Shláinte,<br>Malartán Waterloo, Bóthar Waterloo<br>Baile Átha Cliath 4 D04 E3W7 |
| **Trí Ríomhphost** |
| DPFOI@mhcirl.ie |


© Seirbhís Tacaíochta Cinnteoireachta | An Coimisiún Meabhair-Shláinte